C/2023/1492

8.12.2023

Dírítear aird DEIF Mohammed agus ISSA Marwan, a áirítear ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar an bhfaisnéis seo a leanas

(Féach na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2764 ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2765 ón gComhairle an 7 Nollaig 2023)

(C/2023/1492)

Dírítear aird na ndaoine thuasluaite a luaitear freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/2764 ([1]) ón gComhairle agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/ xxx ón gComhairle an 2765 ([2]), ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh na daoine sin a áireamh ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ([3]) agus Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar an bhfaisnéis seo a leanas ([4]).

Le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001, foráiltear gur féidir gach ciste, gach sócmhainn airgeadais, agus gach acmhainn eacnamaíoch dá bhfuil ag na daoine, na grúpaí, agus na heintitis sin a chalcadh, agus nach ceadmhach aon chistí, sócmhainní airgeadais ná acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil dóibh, go díreach ná go hindíreach.

Dírítear aird na ndaoine lena mbaineann ar an bhféidearthacht iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán d'fhonn údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin.

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas chun na ráitis ar chúiseanna maidir lena n-áireamh ar an liosta thuasluaite a fháil:

Comhairle an Aontais Eorpaigh: ainmníochtaí COMET)
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh na daoine lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh thuasluaite. Déanfar na hiarrataí sin a mheas ach a bhfaighfear iad. I dtaca leis sin, dírítear aird na ndaoine lena mbaineann air go ndéanann an Chomhairle athbhreithniú go tráthrialta ar an liosta de réir Airteagal 1(6) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES.

Ionas go mbreithneofar barúlacha ag an athbhreithniú atá le teacht, ba cheart an iarraidh thuasluaite ar an ráiteas ar chúiseanna a chur isteach faoin 15 Nollaig 2023.

Dírítear aird na ndaoine lena mbaineann ar an bhféidearthacht agóid a thabhairt os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh in aghaidh a n-ainmnithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263(4) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L, 2023/2764, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2764/oj.
([2]) IO L, 2023/2765, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2764/oj.
([3]) IO L 344, 28.12.2001, lch. 93.
([4]) IO L 344, 28.12.2001, lch. 70.